Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10665/23**

**POLCOM 118**
**USA 40**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 327 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú le Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slabhraí soláthair idirnáisiúnta mianraí criticiúla a neartú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 327 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 327 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.6.2023
COM(2023) 327 final

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú le Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slabhraí soláthair idirnáisiúnta mianraí criticiúla a neartú**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

### 1.1. Forais agus cuspóirí an mholta

An 16 Lúnasa 2022, d'achtaigh Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM') an tAcht um Laghdú Boilscithe ('IRA')[1], lena leasaítear Roinn 30D de Chód Ioncaim Intíre na Stát Aontaithe (an 'Creidmheas d'Fheithiclí Glana'). Rinneadh fóirdheontas de le haghaidh ceannach feithiclí cáilitheacha a oibrítear le ceallra nó le cill bhreosla, i bhfoirm creidmheas cánach ar luach suas le USD 7 500 in aghaidh na feithicle.

Chun bheith cáilithe d'uasmhéid an fhóirdheontais, ní mór feithicil a bheith *inter alia* feistithe le ceallra ag a bhfuil íoschion ábhair mianraí criticiúla 40 % (50 % in 2024, 60 % in 2025, 70 % in 2026, 80 % in 2027) a dhéantar:

(1) a eastóscadh agus a phróiseáil i SAM nó i dtír a bhfuil comhaontú saorthrádála i bhfeidhm ag SAM léi; nó

(2) a athchúrsáil i Meiriceá Thuaidh.

Dá bhrí sin, tá méadú ag teacht de réir a chéile ar na mianraí criticiúla agus ábhair phróiseáilte de thionscnamh an Aontais le haghaidh ceallraí gluaisteáin a eisiatar ó shlabhraí soláthair SAM leis an gCreidmheas d'Fheithiclí Glana. Tá sé sin i gcodarsnacht le hallmhairí mianraí criticiúla agus ábhar próiseáilte ó chomhpháirtithe i gcomhaontuithe saorthrádála le SAM, amhail an tSile agus an Chóiré, agus an tSeapáin lenar thug SAM comhaontú maidir le mianraí criticiúla i gcrích an 28 Márta 2023. Bíonn tionchar diúltach aige sin ar dheiseanna onnmhairiúcháin ón Aontas go SAM.

Dá bhrí sin, an 10 Márta 2023 d'eisigh an tUachtarán von der Leyen agus an tUachtarán Biden ráiteas comhpháirteach inar léirigh siad go bhfuil sé beartaithe acu tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh Chomhaontú spriocdhírithe AE-SAM maidir le Mianraí Criticiúla ('CMC')[2] chun a áirithiú go bhféadfaí mianraí a eastóscadh nó a próiseáladh san Aontas a úsáid i bhfeithiclí atá incháilithe le haghaidh an Chreidmheasa d'Fheithiclí Glana. Chuir SAM in iúl go soiléir gur gá CMC a thabhairt i gcrích chun an stádas céanna a thabhairt don Aontas agus a thugtar do chomhpháirtithe i gcomhaontuithe saorthrádála le SAM chun críoch an Chreidmheasa d'Fheithiclí Glana.

In 2022, d'onnmhairigh an tAontas EUR 8,3 billiún de mhianraí criticiúla ábhartha do SAM, mar atá 16,3 % de mhéid iomlán na dtráchtearraí sin a d'onnmhairigh an tAontas.

De bhreis ar aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin faoi IRA, trí CMC a thabhairt i gcrích bheadh an tAontas agus SAM ag déanamh beart nua chun cur lena gcaidreamh eacnamaíoch níos leithne agus chun cuidiú le slabhraí soláthair idirnáisiúnta inbhuanaithe agus athléimneacha a thógáil in earnálacha atá fíorthábhachtach maidir leis na haistrithe i dtreo na aeráidneodrachta agus maidir leis an tslándáil, lena n-áirítear aerspás agus cosaint.

Chuir SAM togra CMC faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ('an Coimisiún') an 10 Márta. Chuir an Coimisiún an togra sin faoi bhráid Chomhairle an Aontais Eorpaigh ('an Chomhairle') agus Pharlaimint na hEorpa an 21 Márta 2023.

1 PL 117-169, H.R.5376 - Acht um Laghdú Boilscithe 2022.

2 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_23_1613

### 1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá caibidlíocht agus tabhairt i gcrích CMC comhsheasmhach le beartas trádála foriomlán an Aontais toisc go gcuideodh sé leis an trádáil agus an t-infheistíocht idir an tAontas agus SAM a mhéadú agus go laghdódh sé an riosca de theannais nua trádála idir an tAontas agus SAM. Tá an cuspóir dúbailte sin go hiomlán comhsheasmhach leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ina sonraítear gur cheart don Aontas comhtháthú na dtíortha uile i ngeilleagar an domhain a spreagadh, lena n-áirítear trí dhíothú comhleanúnach a dhéanamh ar na srianta atá ar an trádáil idirnáisiúnta[3]. Tá sé i gcomhréir le nádúr na comhpháirtíochta straitéisí AE-SAM mar a athdhaingnítear sa ráitis ó chruinniú mullaigh deiridh AE-SAM an 15 Meitheamh 2021[4] agus i gclár oibre eacnamaíoch dearfach na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta, mar a cuireadh in iúl sna Ráitis Chomhpháirteacha uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2021[5], mí na Bealtaine 2022[6], mí na Nollag 2022[7] agus mí na Bealtaine 2023[8].

### 1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an moladh comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais.

Ina Ghníomh beartaithe um Amhábhair Chriticiúla an 16 Márta 2023[9], féachann an Coimisiún le feabhas a chur ar a chomhar le tríú tíortha trí infheistíochtaí inbhuanaithe i slabhraí soláthair amhábhar criticiúil agus i gcomhpháirteanna eile a thagann níos déanaí sa slabhra soláthair a spreagadh agus trí dheiseanna eacnamaíocha a aistriú go staideanna atá tairbhiúil go frithpháirteach. Cruthú comhpháirtíochtaí straitéiseacha i slabhraí soláthair amhábhar, amhail trí CMC, uirlis thábhachtach is ea é chun feabhas a chur ar an gcomhar sin.

Tá an moladh seo comhsheasmhach leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta[10] atá beartaithe, arb é is aidhm leis méadú a chur ar mhonaraíocht príomhtheicneolaíochtaí atá neodrach ó thaobh carbóin de nó príomhtheicneolaíochtaí 'aeráidneodracha' san Aontas chun slabhraí soláthair slána inbhuanaithe iomaíocha a áirithiú le haghaidh an fhuinnimh ghlain d'fhonn uaillmhianta aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### 2.1. Bunús dlí

Airteagal 218(3) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### 2.2. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

De réir Airteagal 5(3) CAE, ní bhíonn feidhm ag prionsabal na coimhdeachta sna réimsí sin ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach. Is é an comhbheartas tráchtála, a liostaítear i measc na réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas in Airteagal 3 CFAE,

---

3 Airteagal 21 mír 2(e) CAE.
4 https://www.consilium.europa.eu/media/50758/eu-us-summit-joint-statement-15-june-final-final.pdf
5 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/STATEMENT_21_4951
6 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_22_7516
7 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_22_7516
8 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_23_2992
9 Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú ('An Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla') – féach https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_23_1661
10 Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú ('an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta') – féach https://single-market-economy.ec.europa.eu/publications/net-zero-industry-act_ga

bunús dlí substainteach is dócha a bheidh ag an gcomhaontú a thiocfaidh as an gcaibidlíocht. Cuimsíonn an beartas sin comhaontuithe trádála a chaibidliú de bhun Airteagal 207 CFAE.

### 2.3. Comhréireacht

Tá an moladh ón gCoimisiún i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, agus tá gá leis i bhfianaise ár gcuspóra a áirithiú nach ndéantar idirdhealú in aghaidh mianraí criticiúla agus ábhair phróiseáilte de thionscnamh an Aontais le haghaidh ceallraí feithiclí leictreacha trína meas de bheith de thionscnamh '*tíre a bhfuil comhaontú saorthrádála i bhfeidhm ag na Stáit Aontaithe léi*' agus an Creidmheas d'Fheithiclí Glana á chur i bhfeidhm.

### 2.4. An rogha ionstraime

Cinneadh ón gComhairle.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

### 3.1. Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Neamhbhainteach.

### 3.2. Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Neamhbhainteach.

### 3.3. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Rinneadh comhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha maidir leis na gnóthachain a d'fhéadfaí a fháil óna áirithiú go measfaí gur de thionscnamh '*tíre a bhfuil comhaontú saorthrádála i bhfeidhm ag na Stáit Aontaithe léi*' iad mianraí criticiúla agus ábhair phróiseáilte de thionscnamh an Aontais agus an Creidmheas d'Fheithiclí Glana á chur i bhfeidhm. Tionóladh roinnt éisteachtaí agus cruinnithe mar chuid de Chomhphlé leis an tSochaí Shibhialta. Tá an méid sin sa bhreis ar dhíospóireachtaí poiblí i bParlaimint na hEorpa, nó arna n-eagrú aici, agus sna Ballstáit.

### 3.4. Measúnú tionchair

Mar gheall ar an riachtanas polaitiúil dul ar aghaidh go tapa chun teannais trádála idir an tAontas agus SAM a laghdú nó a sheachaint tar éis IRA, agus chun a áirithiú go n-áireofaí mianraí a eastóscadh nó a próiseáladh san Aontas le haghaidh creidmheasanna cánach feithiclí glasa faoi IRA agus faoina bhearta cur chun feidhme, tarscaoileadh an próiseas measúnaithe tionchair foirmiúil.

### 3.5. Cearta bunúsacha

Tá an moladh comhsheasmhach le Conarthaí an Aontais agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleacht buiséadach ag an CMC don Aontas.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### 5.1. Gnéithe nós imeachta

Déanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, comhaontú a chaibidliú a bheidh le tabhairt i gcrích idir an tAontas agus SAM. I gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE, moltar go n-ainmneoidh an Chomhairle an Coiste um an mBeartas Trádála mar an gcoiste nár mhór an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhair léi.

Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas ag gach céim den nós imeachta, i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

Cuirfidh an Coimisiún an Moladh seo agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis ar fáil don phobal go díreach tar éis a ghlactha.

Molann an Coimisiún go gcuirfí na treoracha caibidlíochta ar fáil don phobal go díreach i ndiaidh a nglactha ag an gComhairle.

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú le Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slabhraí soláthair idirnáisiúnta mianraí criticiúla a neartú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le Stáit Aontaithe Mheiriceá le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slabhraí soláthar idirnáisiúnta mianraí idirnáisiúnta a neartú.

*Airteagal 2*

Déanfar an chaibidlíocht bunaithe ar threoracha caibidlíochta na Comhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Coimisiún an chaibidlíocht i gcomhar le [ainm an choiste speisialta le cur isteach ag an gComhairle].

*Airteagal 4*

Déanfar an Cinneadh seo agus a Iarscríbhinn a chur ar fáil don phobal díreach tar éis a nglactha.

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*